

## ☼ An Lúibín ☼

22 Meán Fómhair 2012

### Teip na dteangacha

In *Feasta*, Bealtaine 2012, scríobh Pádraig Mac Fhearghusa (file, gníomhaí teanga, oideachasóir) eagarfhocal, mar is gnách. Seo sliocht as.

Nuair a foilsíodh í [an Straitéis Fiche Bliain] tugadh suntas don mhéid a bhí sí gafa le cúrsaí oideachais. Tuigeadh, ámh, an tábhacht a bhain leis an oideachas i gcás na Gaeilge, agus go mbeadh an teanga á múineadh le lánéifeacht inár scoileanna. Tá fhios againn nach mar sin atá. Ní fada ó shin ó cuireadh in iúl dúinn i dtuarascáil ón Roinn Oideachais féin, i gcomhar le Comhairle na hEorpa, go raibh an staid ina raibh múineadh na Gaeilge i scoileanna an Stáit ‘tubaisteach’.

Duirt sé freisin go raibh forbairt agus leathnú na gaelscolaíochta ina stad, go díreach mar thoradh ar choinníollacha nua na Roinne. Luaigh sé an tábhacht a bhaineann leis na gaelscoileanna ó laghdaigh ar an tábhacht a thugtaí don teanga sna gnáthscoileanna: ‘Anois is cosúil go síleann an tAire féin go bhfuil barraíocht ama á chaitheamh leis an nGaeilge, agus le reiligiún, agus go bhfuil ábhair eile thíos leis sin’.

Más ea, ní hí an Ghaeilge amháin atá ag ciseadh sna scoileanna lán-Bhéarla. Ní mór an líon mac léinn Éireannach a théann isteach i gclár Erasmus, a deir Lucinda Creighton, an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, agus is é is cúis leis, dar léi, imní faoi chreidiúnú agus eolas lag ar theangacha. (Tugann clár Erasmus deis do mhic léinn staidéar a dhéanamh thar lear.) Deir sí nach foláir an t-uafáis oibre a dhéanamh chun go mbeadh Éireannaigh óga in ann dul ag obair lena leithéidí san Eoraip. Tá súil aici go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach faoin scéal trí ‘idirnáisiúnú’ an oideachais ar an tríú leibhéal.

I mbliana rinne 34,757 dalta staidéar ar Fhraincis, agus is iomaí dalta ar chlis an scrúdú air. Ní dhearna ach 9,470 dalta staidéar ar Ghearmáinis agus rinne 6,698 staidéar ar Spáinnis. Is. Is iomaí duine a d’aontódh le Neil O’Callaghan (*Irish Independent* 12/9/12) agus é á rá go dtugtar an iomarca ama do chúrsaí creidimh agus don Ghaeilge, rud a fhágann an mhatamaitic agus teangacha iasachta in áit na leathphingine. Deir sé gur cóir d’Éirinn gan a bheith chomh saite sin i gceisteanna féiniúlachta agus a haghaidh a thabhairt ar an saol amuigh. Ní hiad na margáí eachtrannacha hamháin a thuigfí trí theangacha iasachta ach na daoine a chaithfí gnó a dhéanamh leo. Is oth leis gur cuireadh deireadh leis an *Modern Languages in Primary Schools Initiative* in Éirinn, go hairithe ó mhúin sé féin Béarla do dhaltáí bunscoile sa Ghearmáin sna nóchaidí agus cuimhne aige ar an toil a chuir siad leis an obair. Fiú nuair a bhí an *Initiative* ann, ar éigean a bhí slí sa churaclam dó.

Deir tuarascáil nua ón gCoimisiún Eorpach nach bhfoghlaímíonn ach timpeall 4% de dhaltáí bunscoile in Éirinn teanga iasachta. I dtíortha eile san AE tosaíonn formhór na ndaltáí ag foghlaim teangacha iasachta idir sé bliana agus naoi mbliana d’aois.

B’fhiú a rá ag an bpointe sin gur trua nach múintear an Ghaeilge féin ar dhóigh nua-aoiseach sna bunscoileanna, le cluichí agus comhrá, in áit luí chomh trom sin ar ghramadach agus ar scríbhneoireacht – rud a fhágann cuma mharbh ar an teanga agus a leanann deargfhrustrachas é.

Smaoineamh eile atá ag Noel O’Connor, uachtarán an Irish Vocational Teaching Association. Tá dianghá le hinfheistíocht Shíneach, dar leis, agus dá bhrí ba cheart béim a chur ar mhúineadh na Sínisse. Luann sé an tSualainn, tír atá chun Sínis a mhúineadh sna bunscoileanna go léir faoin mbliain 2012 agus ansin i ngach scoil eile.

Ní bheadh locht ag teangeolaí Astrálach ar bith air sin ann féin, ach ní críonna an mhaise é an iomarca muiníne a chur i ndul chun cinn na Síne. Ní bhíonn geilleagar ar bith ó bhaol. Scéal é, áfach, a tharraingeadh ar theip níos

leithne i gcúrsaí teanga, ceann a bhaineann leis na tíortha Béarla i gcoitinne, agus atá pléite minic go leor anseo agus in áiteanna eile. Bíodh an Astráil ina shampla de: dianghá ann le líofacht i dteangacha Áiseacha ar chúiseanna tráchtála agus eile, agus gan aon beartas fóna socraithe chuige d'ainneoin na cainte go léir (cé nach fada ó d'fhógair stát Victoria go dtabharfaí faoi i ndáiríre).

Ar an toradh tráchtála is mó a chuirtear béim, ar ndóigh, agus an scéal á phlé. Óna thaobh sin de tá ciall lena ndúirt urlabhra de chuid lárionad taighde i Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath: ní foláir teangacha iasachta agus scileanna ríomhaireachta a nascadh le chéile. Ligeann sin do chomhlachtaí earraí a thairiscint i margaí nua ina dteangacha siúd, rud a bhféadfadh rath mór é a leanúint. Ach caithfear teangacha a mhúineadh le héifeacht ar scoil, agus ná déanaimis dearmad ar an taobh eile den scéal – an sult agus an saibhriú intinne a leanann máistreacht ar theanga, cuma más Sínis, Fraincis nó Gaeilge atá i gceist.



THE  
ENGLISH IRISH  
DICTIONARY.

AN FOCLOIR

BEARLA GAIDHEILGE

AR NA

CHUR NA MEASUR

Conchúr Ó Beaglaioich  
LE CONCOBARR O BEAGLAIOICH MARRAON LE CONGNAIM

Aodh Buidé mac CUJRTJN agus ydy.



Seo *An Foclóir Beurla Gaoidheilge* a chuir Conchúr Ó Beaglaioich in eagar le cúnaimh Aodha Bhuí Mhic Chuirín. Déarfá ar a sloinnteach gur Chiarraigh an bheirt acu. 'Ba é seo an chéad fhoclóir Gaeilge cuimsitheach a foilsíodh agus a chlóbhualadh riamh,' a deirtear ar Scriobh.ie (<http://www.scriobh.ie/Page.aspx?id=29&l=1>), áit a bhfuil an leabhar seo agus a leithéidí eile le fáil. Foclóir é a foilsíodh i bPáras sa bhliain 1732, agus réamhrá i nGaeilge, i mBéarla agus i bhFraincis leis, gan trácht ar an ngraiméar Gaeilge (agus é tur go leor) atá i gcúl an leabhair. Tá an Ghaeilge clóite i gcló Gaelach ('cló Phárais') atá an-chosúil le peannaireacht na linne agus a dearadh d'aonghnó don fhoclóir.

Deir Ó Beaglaioich sa réamhrá:

*Of all the dead and living Languages none is more copious and elegant in the Expression, nor is any more harmonious and musical in the Pronunciation than the Irish, thò it has been declining these Five Hundred Years past, along with the declining Condition of our Country; whereas most of the modern Tongues of Europe have been polishing and refining all that long Series of Time.*

Dealraíonn sé go raibh rún aige an Ghaeilge a chur ar chomhchéim le teangacha nua-aoiseacha greanta eile, cé nach raibh fonn air droim láimhe a thabhairt don seansaol, mar is léir ón mblas traidisiúnta atá ar a achainí ar uaisle na hÉireann:

Uaisle Éireann áile, a chrú na cceimeann ccomhbáidhe,  
tréigidh bhur ttromshuan gan on...

Tá an foclóir lán d'abairtí a thugann léargas ní hamháin ar Ghaeilge na linne (agus blas beag liteartha uirthi) ach ar Bhéarla na linne freisin. An-fhoirse é, mar sin, ag an seandálaí cultúrtha. Is minic tagairt á déanamh ag Ó Beaglaoich do ghnóthaí míleata, rud a chuirfeadh le fios go raibh sé féin ar na mílte Éireannach a chuaigh ag saighdiúireacht ar son na Fraince.

Foclóir ceart comhaimseartha atá ann, ceann a bhaineann le gnáthchúrsaí an tsaol sa chéad chuid den 18ú haois; tá blas na sráide agus an tí ar an bhfriotal, agus blas éigin den ghalántacht. Nochtar dúinn an bheatha mar a bhí, a cuid smaointe, a nósanna, a buairt agus a suairceas.

Ag seo roinnt abairtí de chuid an fhoclóra; cloítear leis an mbunlitriú sa dá theanga. Tá leagan caighdeánaithe den Ghaeilge idir lúibíní.

♦♦♦♦♦

She has wit, but yet i have not heard, that she has admitted of any Gallantry. *Ata ciall aici, ach fós ní chualaidh mé gur ghlac sí mórdháil, nó gallántas ar-bíoth.* [Tá ciall aici ach fós níor chuala mé gur ghlac sí mórdháil nó galántacht ar bith.]

He lost his sword, hat & all. *Do chaill se a chloidheamh agus a hata, nó a chinn-bheirt, agus uile.* [Chaill sé a chlaíomh agus a hata (nó a cheannbheart), agus uile.]

I believe him upon his bare word. *Creidim é ar fhocal lom.*

Our language will not bear such a stye. *Ní fhulngíonn ar tteangaine a shamhuil sin de réim.* [Ní fhulaingíonn ár dteangana a shamhail sin de réim.]

The sickness of my wife and other domestick cares have indisposed me for business. *Tinneas mo mhná agus trioblóidí ghe eile do bheanas le teach do ghnídh mise neamhoireamhnach chum cúruim, nó gnódhúighe.* [Tinneas mo mhná agus trioblóidí eile a bhaineann le teach a rinne mé neamhoiriúnach chun cúraim nó gnóthaí.]

I am under such engagement that I can't recede. *Ata a leithéid sin do gheallamhnacha orm nach tig liom dul uaidh.* [Tá a leithéid sin de ghealltanais orm nach dtig liom dul uaidh.]

To kick up one's heels. *Neach do mharbhadh, nó fagháil bháis.* [Duine a mharú, nó bás a fháil.] Ciall ar leith atá leis an abairt seo de réir nós na linne sin: ní hionann é agus babhta grinn a chur díot!

A virgin knows her self at six teen years, or never. *Aithneocha maighdean gurb bean í féin a gcionn a sé mbliadhán déag, nó ní ba headh í go bráth.* [Aithneoidh cailín óg gur bean í i gceann a sé bliana déag, nó ní mar sin di go bráth.]

She says she is with child and lays it to you. *A deir sí go bhfuil sí torrach, agus cuiridh sí an gníomh ortsa.* [Deir sí go bhfuil sí torrach agus cuireann sí an gníomh ortsa.]

It lyes me in a great deal. *Do chosuin sé mórán damhsa, is mór do chailliosa ris.* [Chosain sé mórán domsa; is mór a chaill mé leis.]

'Twas much against my mind. *Do bhí sé go mór a naghaidh maignese.* [Bhí sé go mór in aghaidh m'aignese.]

His head runs riot upon hawks & hounds. *Ata a cheann ar cuthach a ndiaigh Seabhac agus gadhar.* [Tá a cheann ar cuthach i ndiaidh seabhac agus madraí.]

I shall piss upon your grave. *Múinfidh mé ar huaighe, nó mairfead tar héis.* [Múinfidh mé ar d'uaigh (ar th'uaigh) nó mairfidh mé i do dhiaidh (tar th'éis).]

Tá cóip scanáilte de chuid Google le fáil ag:

[http://books.google.com.au/books?id=G00\\_AAAAcAAJ&printsec=frontcover&hl=ga&ei=xYPUTZ66GsTMhAfYj4yaAQ&sa=X&oi=book\\_result&ct=result&redir\\_esc=y#v=onepage&q&f=false](http://books.google.com.au/books?id=G00_AAAAcAAJ&printsec=frontcover&hl=ga&ei=xYPUTZ66GsTMhAfYj4yaAQ&sa=X&oi=book_result&ct=result&redir_esc=y#v=onepage&q&f=false)



### File: Philip Cummings<sup>1</sup>

Rugadh Philip Cummings, file, i mBéal Feirste sa bhliain 1964. Tá iomrá éigin leis anois. Duais bainte amach ag *Néalta* (Coiscéim 2005), a chéad bhailiúchán dánta, sna [Glen Dimplex New Writers Awards 2006](#), agus é ar ghearrliosta an Rupert and Eithne Strong Award 2006. Tá na dánta roinnte de réir trí chineál scamall, agus an grá, na Trioblóidí agus rian na spioradáltachta ar dhreach na tíre mar théamaí.

Bhí sé ag obair don nuachtán *Lá Nua* mar Eagarthóir Ealaíon idir na blianta 2003 agus 2008, agus tá roinnt dá chuid colún le fáil in *Dar Liom* (Coiscéim, 2008). É ina eagarthóir ar *Ár Nuachtán Laethúil* (Coiscéim, 2004), *Lón Léitheoireachta 1* (Coiscéim, 2005) agus *Lón Léitheoireachta 2* (Coiscéim, 2008).

Seolfaidh sé leabhar nua filíochta ar 20 Deireadh Fómhair sa Chultúrlann i mBéal Feirste. É ag fiosrú na dtrí rud is mó a chuaigh i bhfeidhm air: miotaseolaíocht na hÉireann, fírinne na Críostaíochta agus dúchas an ghrinn, go háirithe an aoir. Daoine ón Táin agus ón mBíobla ag labhairt linn ó phointe taobh amuigh de shrianta an ama. Agus beidh 90 cinn de thréanna<sup>2</sup> nuachumtha ann.

### An tré traidisiúnta

I dtrí cuibhrinn a thagann na maitheasaí, a deirtear. Ba mhaith leis na Gaeil na tréanna riamh, agus meastar go raibh nós ag lucht léinn fadó iad a chumadh le spórt. Is cinnte ar aon chuma gur cuid de thraidisiún béil na Gaeilge iad mar sheanfocail, agus seo cuid acu:

Fiacal con, dealg láibe nó focal amadain – na trí rud is géire amuigh.

Na trí glórtha is binne – meilt bhró, géimneach agus béic linbh.

Na trí rith is mó – rith uisce, rith tine agus rith éithigh.

Súil iolair i gceo, súil cú i ngleann, súil mná óige ar aonach.

Trí rud nach féidir a mhúineadh – guth, féile agus filíocht.

Na trí rian is giorra a fhanas – rian éin ar chraobh, rian bric ar linn, rian fir ar bhean.



<sup>1</sup> Seo an chéad phíosa de shraith faoi fhilí na Gaeilge.

<sup>2</sup> Tréanna (tré – fir. *uatha*) - *triads* an Bhéarla.

## Caighdeán nua, fabhtá úra

An té a bhfuil aird aig ar chruinneas na Gaeilge scríofa, tá sé in ann tarraingt ar [www.aistear.ie](http://www.aistear.ie). Mar a deirtear ar an suíomh, cuirtear áiseanna oiliúna ar fáil d'aistritheoirí, d'eagarthóirí agus do gach aon duine a bhíonn ag scríobh i nGaeilge. Gheofar cleachtaí aistriúcháin agus eagarthóireachta ann agus téacsanna tábhachtacha a bhaineann leis an nGaeilge scríofa. Tá feidhm ar leith le baint as *Cruinneas*, an chuid den suíomh a dhéanann léiriú ar na deacrachtaí agus na dearmaid is coitianta sa Ghaeilge.

Is é Antain Mac Lochlainn eagarthóir Aistear.ie, agus tá léirmheas déanta aige ar an leagan is déanaí den Chaighdeán Oifigiúil ó lámh Rannóg an Aistriúcháin: <http://www.aistear.ie/news-details.php?ID=33>. Ní mó ná sásta atá sé, tríd is tríd. Tá gá, gan dabht, lena leithéid: 'Is ar éigean a bheifí in ann cur síos i nGaeilge ar chúrsaí polaitíochta, tráchtála agus sóisialta murach saothar fhoireann na Rannóige i ngort na téarmaíochta agus i ngort na gramadaí'. Ní foláir, mar a deir sé, an Ghaeilge a scríobh le cruinneas agus le comhleanúnachas. Ach is dóigh leis gurb iad seo na lochtanna atá ar an gCaighdeán nua:

- Rialacha a chuireann le castacht na Gaeilge scríofa.
- Rialacha gan bhunús a chuirfeadh cosc ar struchtúir atá ceart, dúchasach.
- Easpa comhthéacs úsáide i gcás go bhfuil roinnt struchtúr ceadaithe.
- Teannas idir an ghné shaintreorach (*prescriptive*) agus an ghné thuairisciúil (*descriptive*).

Pléann sé cuid de na fadhbanna de réir mar is léir dó iad. Is amhlaidh, dar leis, a chuirfeadh cuid de na rialacha nua le deacracht an tséimhíthe. An dá chineál ginidigh, mar shampla - *an ginideach aidiachtach* agus *an ginideach comhbhainte*. Deir sé gur deacair dealú idir an dá ghinideach seo:

Tugtar *saoire bhreiteachta* agus *uimhir theileafóin* mar shamplaí den ghinideach aidiachtach. Is furasta an méid sin a thuiscint – is amhlaidh atá an dara hainmfhocal ag feidhmiú mar aidiacht. Cén cineál saoire í? Saoire bhreiteachta. Molann an CO nua an cineál sin a shéimhiú. Ní shéimhítear an ginideach comhbhainte, áfach, m.sh. *scéim teanga, baill coiste*. Anois, is maith an té a dhealódh idir na samplaí sin agus na samplaí den ghinideach aidiachtach. Tá *teanga* agus *coiste* á n-úsáid mar aidiachtaí, nach bhfuil? Cén cineál scéime í seo? Scéim fostaíochta? Ní hea, ach scéim a bhaineann le teanga. Is úsáid aidiachtach é sin, de mo dhóighse.

Cáineann sé an róchaighdeánú - rialacha á gcur i bhfeidhm 'ar théacsanna liteartha, ar ailt nuachta agus céad cineál eile téacs atá lasmuigh de réimse na húsáide oifigiúla'. Deir sé nár tuigeadh i gceart an tsolúbthacht agus an tsairse atá ann agus gur maith leis go ndíríonn an Caighdeán nua aird an léitheora ar na ceisteanna sin.

A leithéid seo, ag tagairt d'fhoirmeacha iolra mar *cláracha, postanna* srl. a bheith sa chaint fad is atá an 't-iolra caol' (*cláir, poist*) i réim sa CO [Caighdeán Oifigiúil]:

Is ceadmhach tréaniolraí den sórt sin a úsáid i gcáipéisí neamhoifigiúla ach, de bhrí go bhfuil an-éagsúlacht idir na leaganacha a bhíonn in úsáid sna canúintí éagsúla, moltar cloí leis na lágolraí caighdeánacha i gcáipéisí oifigiúla. (:30)

Fíormhaith! An chéad uair eile a 'cheartaíonn' duine *postanna* ort in alt beag atá scríofa agat, bíodh an sliocht sin ar bharr do theanga agat agus cuir i gcuimhne dó go bhfuil a leithéid de rud ann agus comhthéacs.

I ndeireadh na dála, b'fhéarr le mo dhuine an tsimplíocht ná an chastacht, agus ní bheadh ionadh air má shocraíonn daoine cloí leis an sean-Chaighdeán agus neamhaird a dhéanamh ar an leagan athbhreithnithe.

Ba mhaith le hAntaine daoine a chur ag cíoradh na ceiste seo. Ní dócha go mbeidh gach duine ar aon intinn leis, ach tá *An Lúibín* féin ar son na simplíochta agus na soiléireachta (agus sinn ag dul in aois agus i dtuirse).

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*

## Leaganacha simplithe

### Teip na dteangacha

Tá drochbhail<sup>3</sup> ar mhúineadh na dteangacha iasachta in Éirinn, mar atá i dtíortha eile an Bhéarla. Tá múineadh na Gaeilge féin i dtrioblóid. D'fhoilsigh an rialtas straitéis teanga, agus tuigeadh go mbeadh an teanga á múineadh le lánéifeacht. Ní mar sin atá.<sup>4</sup> Chomh maith leis sin, tá leathnú na gaelscolaíochta ina stad<sup>5</sup> de bharr na gcoinníollacha nua atá ann.

Fágann laige seo na dteangacha a rian ar chlár Erasmus, clár a thugann deis do mhic léinn staidéar a dhéanamh thar lear. Ní théann mórán Éireannach isteach ann, mar níl máistreacht acu ar theanga eile.

I mbliana rinne timpeall 34,000 dalta staidéar ar Fhraincis in Éirinn agus chlis an scrúdú<sup>6</sup> ar mhórán acu. Ní dhearna mórán daltaí staidéar ar Ghearmáinis ná ar Spáinnis. Dá ainneoin sin, deirtear go bhfuil gá ag daoine óga le teangacha i gcúrsaí tráchtála.<sup>7</sup> Ach cuireadh deireadh le clár nua teangacha sna bunscoileanna. Deir tuarascáil nua ón gCoimisiún Eorpach nach bhfoghlaimíonn ach timpeall 4% de dhaltaí bunscoile in Éirinn teanga iasachta. I dtíortha eile tosaíonn formhór na ndaltaí ag foghlaim teangacha iasachta idir sé bliana agus naoi mbliana d'aois.

Tá an scéal chomh dona céanna i dtíortha eile an Bhéarla. Tá gá le líofacht i dteangacha Áiseacha ar chúiseanna tráchtála agus eile san Astráil, ach níl aon beartas fóna socraithe chuige.<sup>8</sup> Ní cúrsaí tráchtála amháin atá i gceist: tá sult agus saibhriú intinne ag baint le teangacha.

### Caighdeán nua, fabhtai úra

An té a bhfuil aird aig ar chruinneas na Gaeilge scríofa, tá sé in ann tarraingt ar [www.aistear.ie](http://www.aistear.ie). Tá áiseanna ann d'aistritheoirí, d'eagarthóirí agus do gach aon duine a bhíonn ag scríobh i nGaeilge.

Is é Antain Mac Lochlainn eagarthóir Aistear.ie, agus tá léirmheas déanta aige ar an leagan is déanaí den Chaighdeán Oifigiúil. Ní mó ná sásta atá sé. Deir sé go bhfuil na rialacha róchasta, go ndéantar dochar do dhul na teanga,<sup>9</sup> agus nach bhfuil an míniú soiléir. Déarfá *saoire bhreuiteachta* agus *uimhir theileafóin* (focal baininsneach ag séimhiú an focail a thagann ina dhiaidh) ach tá riail ann a deir go gcaithfidh tú *scéim teanga* a rá (focal baininsneach nach séimhíonn an fhocail ina dhiaidh).

Cáineann sé an róchaighdeánú<sup>10</sup> - rialacha á gcur i bhfeidhm<sup>11</sup> ar ghnáththéacsanna nach téacsanna liteartha iad. Is maith leis, áfach, go n-adhmaíonn lucht an Chaighdeán nua gur féidir *cláracha* agus *postanna* a úsáid go neamhfhoirmiúil in áit *clár* agus *poist*.

Is fearr leis an tsimplíocht, agus ní bheadh ionadh air má dhéanann daoine neamhaird<sup>12</sup> ar an leagan nua. Ba mhaith leis, áfach, dá pléifeadh lucht na Gaeilge an scéal.

<sup>3</sup> Tá drochbhail ar – [...] is in a bad way

<sup>4</sup> Ní mar sin atá – that is not how it is

<sup>5</sup> Ina stad - stopped

<sup>6</sup> Chlis an scrúdú ar – failed the exam

<sup>7</sup> Cúrsaí tráchtála – commercial matters

<sup>8</sup> Socraithe chuige – established for that purpose

<sup>9</sup> Dul na teanga – the natural turn of phrase of the language

<sup>10</sup> Róchaighdeánú – over-standardisation

<sup>11</sup> Cur i bhfeidhm (ar) - put into effect

<sup>12</sup> Neamhaird - disregard